Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14254/19**

**SOC 752**
**GENDER 53**
**EMPL 570**
**ANTIDISCRIM 46**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Comhionnanas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Chun Cinn - dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

D'ullmhaigh an Uachtaránacht na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá i gceangal leis seo maidir le An Comhionannas Inscne san Aontas: An Bealach Chun Cinn.

Ullmhaíodh na conclúidí seo bunaithe ar thoradh phlé na Meithle um Cheisteanna Sóisialta an 12 Samhain agus ar an gcomhairliúchán scríofa neamhfhoirmiúil a bhí ann idir an 13 agus an 19 Samhain 2019.

Iarrtar ar an gCoiste na dréacht-Chonclúidí atá i gceangal leis seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí ar an 10 Nollaig 2019 lena nglacadh.

**COMHIONNANAS INSCNE I nGEILLEAGAIR AN AONTAIS: AN BEALACH CHUN CINN**

**BREITHNIÚ AR 25 BLIAIN DE CHUR CHUN FEIDHME CHLÁR OIBRE GNÍOMHAÍOCHTA BHÉISING**

**Dréacht-chonclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an athbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais**

1. **Á AITHINT DI** go bhfuil an comhionannas idir fir agus mná ar cheann de na bunphrionsabail agus de na comhphrionsabail a chumhdaítear in Airteagal 2 agus 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 23 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

2. Á **ATHDHEARBÚ DI** a thábhachtaí atá sé go n-áiritheofar deiseanna comhionanna do mhná agus d'fhir araon agus go ndéanfar cearta daonna agus bunsaoirsí ban agus cailíní a chur chun cinn, a chosaint agus a urramú ina n-iomláine, ar saoirsí iad atá uilíoch, doroinnte, idirspleách agus idirghaolmhar agus fíor-riachtanach chun mná agus cailíní a chumhachtú agus chun an tsíocháin, an tslándáil agus an fhorbraíocht a chur chun tosaigh. Cuid dhílis den phróiseas sin agus den chur chuige sin is ea Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh ban a dhíothú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising a chur chun feidhme go fuinniúil i mbeartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais.

3. **Á MHEABHRÚ DI** comhionannas inscne, lena n-áirítear an chóir chomhionann maidir le comhionannas deiseanna agus an pá comhionann ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach agus cothromaíocht oibre is saoil i bPrionsabail 2 agus 9 de Cholún Eorpach na gceart sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an 17 Samhain 2017.

4. **Á CHUR I BHFIOS GO LÁIDIR DI** gur cuid lárnach de gheilleagar na dea-bhaile é an comhionannas inscne, go n-athneartaíonn an dea-bhail agus an fás eacnamaíoch a chéile, agus gur réamhchoinníollacha iad an comhionannas inscne agus cur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh chearta ban agus cailíní don fhorbairt inbhuanaithe a bheidh cothrom agus cuimsitheach, chomh maith le luachanna agus cuspóirí tábhachtacha iontu féin.

5. **Á CHUR I BHFIOS GO LÁIDIR DI** a thábhachtaí atá sé leanúint de chur chuige déach i leith an chomhionannais inscne, a bunaíodh mar mhórstraitéis dhomhanda chun comhionannas inscne a chur chun cinn i gClár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, ina ndéantar gné na hinscne a chomhtháthú go córasach i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí uile an Aontais (príomhshruthú inscne) le bearta sonracha.

6. **Á CHUR I BHFIOS GO LÁIDIR DI** go bhféadfadh tionchar éagsúil a bheith ag beartais eacnamaíocha agus fhioscacha ar mhná agus ar fhir agus go bhfuil sé tábhachtach measúnú córasach a dhéanamh orthu ó thaobh an chomhionannais inscne de agus an tionchar a mheastar a bheidh ann ar mhná agus ar fhir, ar chailíní agus ar bhuachaillí.

7. **DE BHRÍ GUR** bliain thábhachtach í 2020 ó thaobh comhionannas inscne agus cearta ban de, ós rud é go mbeidh an comhphobal idirnáisiúnta ag ceiliúradh 25 bliain ó glacadh Dearbhú Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus comóradh 20 bliain Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil. Tiocfaidh creataí straitéiseacha éagsúla a bhaineann le comhionannas inscne chun deireadh a dtréimhse, lena n-áirítear an Comhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne (2011-2020), 'Rannpháirtíocht Straitéiseach don chomhionannas inscne 2016-2019' ón gCoimisiún agus Plean Gníomhaíochta II an Aontais maidir le hInscne, 'Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020".

8. **Á MHEABHRÚ DI** go bhfuil comhionannas inscne lárnach maidir le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, agus go bhfuil an tAontas tiomanta do chur chun feidhme claochlaitheach ó thaobh inscne de, d'obair leantach agus d'athbhreithniú Chlár Oibre 2030 ina ghníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha araon, agus **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an Páipéar Machnaimh ón gCoimisiún 'I dtreo Eoraip Inbhuanaithe faoi 2030' agus na conclúidí ón gComhairle 'I dtreo Aontas a bheidh níos inbhuanaithe ná riamh faoi 2030' maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 san Aontas Eorpach. Cuireann beartais chomhshaoil agus aeráide atá íogair ó thaobh inscne de agus rannpháirtíocht chothrom ban sa chinnteoireacht an comhionannas inscne agus éifeachtacht an chomhraic i gcoinne an athraithe aeráide chun cinn araon.

9. **Á TABHAIRT DÁ hAIRE DI** tuarascáil ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas (EIGE) dar teideal *Beijing +25: The 5th Review of the Implementation of the Beijing Platform for Action in the EU Member States*[Béising +25: an 5ú Athbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising i mBallstáit an Aontais Eorpaigh] ina gcuirtear i láthair na príomhthreochtaí, an dul chun cinn atá déanta faoi láthair, agus na mórdhúshláin i réimse an chomhionannais inscne san Aontas.

10. **Á AITHINT DI** go bhfuil dul chun cinn déanta i réimsí áirithe, amhail an Treoir maidir le cothromaíocht oibre is saoil a ghlacadh, sciar méadaithe ban ar bhoird chuideachtaí móra, líon laghdaithe ban agus fear atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta agus feabhsuithe maidir le príomhshruthú inscne i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Léirítear leis sin tiomantas an Aontais agus na mBallstát maidir le Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising a chur chun feidhme.

11. **AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR** na dúshláin nua atá ag teacht chun cinn, cé go bhfuil na seandúshláin fós ann. Níor baineadh amach na spriocanna a leagadh síos don chomhionannas inscne go hiomlán. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, tá gá le hiarrachtaí leanúnacha ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon chun beartais éifeachtacha maidir le comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne agus fíorú iomlán chearta ban a áirithiú.

(a) Tá bearnaí suntasacha fós ann idir na hinscní ó thaobh pá agus pinsean san Aontas Eorpach agus, dá bhrí sin, is lú i gcónaí an neamhspleáchas eacnamaíoch a bhíonn ag mná ná ag fir.[1] Tá bearna mhór inscne fós sa ráta fostaíochta san Aontas.[2] Maidir leis na mná sin atá rannpháirteach i margadh an tsaothair, is mó seans gur poist neamhbhuana gan bhriseadh iad, agus i mórán cásanna, is poist pháirtaimseartha ainneonacha atá i gceist. Mar sin féin, féadfaidh fir agus mná obair pháirtaimseartha a roghnú chun a páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair agus chun cur lena ndea-bhail.

(b) Is mó seans go mbeidh mná i mbaoil bochtaineachta agus eisiamh shóisialta go córasach ná fir, agus bíonn tionchar diúltach acu sin ar a ndea-bhail, go háirithe i gcás mná a thugann aire do leanaí ina n-aonair nó nuair atá siad níos sine. Is mó seans ann freisin go ndéanfaidh tionchar an athraithe aeráide difear do mhná ná d'fhir agus tá siad níos leochailí don bhochtaineacht fuinnimh. Tá tionchar díréireach ag an gcomhdhlúthú fioscach agus ag athchóirithe leanúnacha san earnáil phoiblí ar earnálacha atá faoi cheannas na mban.

(c) Eascraíonn go leor de na neamhionannais eacnamaíocha idir mná agus fir as dáileadh éagothrom freagrachtaí tí agus cúraim. Mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim ní féidir le 7.7 milliún bean san Aontas páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair agus is mná a ghlacann formhór na saoire teaghlaigh fós. Cuireann bearnaí i soláthar, inacmhainneacht agus cáilíocht oideachais agus cúram luath-óige foirmiúla agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh isteach go mór ar chumas ban páirt iomlán agus chothrom a ghlacadh i saol na hoibre. Tá an méid a chuireann an obair chúraim gan phá, a dhéanann mná den chuid is mó, leis an bhfás eacnamaíoch, dofheicthe i gcónaí.

---

1 In 2017 bhí bearna inscne 16.0 % sa phá agus bearna inscne 34.8 % i bpinsin (pinsinéirí in aois 65+).

2 Bhí an bhearna fostaíochta idir na hinscní cothrom le 11.5 phointe céatadáin in 2017.

(d) Is í fírinne an scéil fós go dtarlaíonn an foréigean inscnebhunaithe do na milliúin bean agus cailín atá ina gcónaí san Aontas.[3] Léiriú tromchúiseach is ea an foréigean in aghaidh ban agus cailíní ar neamhionannas inscne agus is sárú ar chearta an duine é ar fhulaingt dhaonna nach féidir a thuar. Is ionann é freisin agus costas suntasach don gheilleagar agus don tsochaí.

(e) Tá mná fós faoi ghannionadaíocht i ngach réimse den chinnteoireacht a thugtar faoi deara faoi Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, lena n-áirítear réimsí na polaitíochta agus an ghnó. Cé go bhfuil méadú tagtha ar chion ban sa chinnteoireacht ó 2013 i leith, go háirithe i gcás ina bhfuil gníomh reachtach déanta, tá an dul chun cinn foriomlán mall.

(f) Tá dúshláin nua tagtha chun cinn le blianta beaga anuas. In ainneoin na hacmhainneachta dearfacha atá aici sa saol oibre, d'fhéadfadh an t-uathoibriú agus an digiteáil tuilleadh dochair a dhéanamh do sheasamh ban i margadh an tsaothair, mar shampla, toisc go bhfuil líon sách íseal ban fós san oideachas TFC agus i ngairmeacha TFC, nó mar gheall ar chlaontacht inscne atá leabaithe go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach in algartaim agus san intleacht shaorga, rud a mhéadaíonn an baol go mbeidh deighilt dhigiteach inscne ann. Ina theannta sin, bíonn taithí díréireach ag mná agus cailíní ar an bhforéigean ar líne, lena n-áirítear ciapadh ar líne, an chibearbhulaíocht agus fuathchaint ghnéasaíoch.

(g) Tá príomhshruthú an chomhionannais inscne i réimsí éagsúla de bheartas an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear cur chun feidhme Straitéis Eoraip 2020 agus an tSeimeastair Eorpaigh, ilroinnte agus níl aon leanúnachas ná cur chuige córasach ag baint leis. Is annamh a úsáidtear uirlisí príomhshruthaithe, amhail measúnuithe tionchair inscne nó buiséadú inscne, san Aontas Eorpach ná ina chuid Ballstát agus tá easnaimh ann i mbailiú, anailís agus úsáid beartais sonraí imdhealaithe de réir inscne.

---

3 San Aontas, tá taithí ag bean amháin as gach triúr (33 %) ar fhoréigean fisiciúil agus/nó gnéasach ó bhí sí 15 bliana d'aois. Tá na cineálacha foréigin sin fulaingthe ag bean amháin as gach cúigear (22%) ag a dlúthpháirtí. Tarlaíonn éigniú do bhean amháin as gach 20 (5 %), ag a dlúthpháirtí nó ag duine eile. Tá taithí ag bean amháin as gach cúigear (18%) ar stalcaireacht. Tá taithí ag bean amháin as beirt (45 % go 55 %) ar chiapadh gnéasach.

12. **Á CHUR I BHFIOS GO LÁIDIR DI** an ról atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí ban agus cosantóirí ban chearta an duine, i gcur chun cinn chearta ban agus an chomhionannais inscne agus ar a thábhachtaí atá sé leanúint den chomhar leis an tsochaí shibhialta d'fhonn cuspóirí Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising a bhaint amach.

13. **Á THABHAIRT DÁ hAIRE** an toradh a bhí ar Chomhdháil Ardleibhéil na hEagraíocht dar teideal *Europe for Gender Equality? Taking Stock – Taking Action* [Cúrsaí á mBreithniú – Gníomhaíochtaí á nDéanamh], a tionóladh i Heilsincí an 30 Meán Fómhair - 1 Deireadh Fómhair 2019, áit ar leag na rannpháirtithe béim ar an ngá atá ann an tiomantas polaitiúil don chomhionannas inscne san Aontas a athdhaingniú agus cur chun feidhme éifeachtach an phríomhshruthaithe inscne a neartú, lena n-áirítear i mbeartais eacnamaíocha agus bhuiséadacha.

14. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** na ceithre tháscaire nua[4] a mhol EIGE ina thuarascáil don bhliain 2018 maidir leis an athbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising i mBallstáit an Aontais, dar teideal *Gender equality and youth: opportunities and risks of digitalisation* [Comhionannas inscne agus an óige: na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann leis an digiteáil][5], inar díríodh ar *scileanna digiteacha, ar fhéinmhuinín in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, ar úsáid an idirlín le haghaidh rannpháirtíocht shibhialta nó pholaitiúil*, agus ar an *gcibearbhulaíocht*.

---

[4] Táscairí nua lena ndéanfar faireachán ar phríomhréimse imní L: 'An cailín óg'. Liosta iomlán na dtáscairí lena ndéanfar faireachán ar phríomhréimse imní L: Tá 'an cailín óg' le fáil in Iarscríbhinn I. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach 14348/18 ADD 2.

[5] 14348/18 ADD 2. Tá achoimre feidhmiúcháin le fáil in 14580/18 ADD 1.

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

15. Éifeachtacht na struchtúr rialtais um chomhionannas inscne a neartú trí iad a chur ar an leibhéal is airde is féidir sa rialtas, agus trí shainorduithe láidre atá sainithe go soiléir agus acmhainní leordhóthanacha pearsanra agus airgeadais a chur ar fáil dóibh, agus a áirithiú go ndéanfar straitéisí náisiúnta um chomhionannas inscne a chur chun feidhme go héifeachtach agus maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil dóibh, lena n-áirítear príomhshruthú inscne i ngach réimse beartais agus i ngach beart sonrach araon. Feidhmiú éifeachtach an chomhordaithe thrasearnála a chothú i ndáil le príomhshruthú inscne chun líonrú agus comhar a fheabhsú.

16. An tiomantas polaitiúil, cuntasacht agus acmhainneacht don phríomhshruthú inscne a neartú agus machnamh a dhéanamh ar mheasúnú tionchair inscne agus/nó buiséadú inscne a fhorbairt tuilleadh i ngach réimse beartais ábhartha, lena n-áirítear beartais eacnamaíocha, oideachais, fostaíochta, réigiúnacha, shóisialta, bhonneagair, chomhshaoil, aeráide agus nuálaíochta, chun bearnaí leanúnacha inscne a shainaithint ar bhealach níos éifeachtaí, chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann cheana agus chun beartas eolasbhunaithe agus cinnteoireachta a neartú.

17. Bearta a ghlacadh chun gnéasachas agus a léirithe a chosc agus a chomhrac sa saol poiblí agus príobháideach, agus geallsealbhóirí ábhartha a spreagadh chun reachtaíocht, beartais agus cláir iomchuí a chur chun feidhme i ngach earnáil.

18 Iarrachtaí a threisiú chun deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh ban agus cailíní trí chur chuige níos iomlánaíche a ghlacadh maidir le cosc agus ionchúiseamh, lena n-áirítear cláir chóireála atá dírithe ar dhéantóirí coire, de gach cineál foréigin agus cosaint gach íospartach, agus leanúint den obair chun foréigean in aghaidh ban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac trí chur chun feidhme na n-ionstraimí ábhartha idirnáisiúnta sa réimse seo, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh ban a dhíothú, Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le díothú an fhoréigin in aghaidh na mban, Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac agus Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le gníomhaíocht in aghaidh gáinneáil ar dhaoine.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, de réir a n-inniúlachtaí faoi seach, agus urraim á tabhairt do ról agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

19. An comhionannas inscne, cumhachtú ban agus cailíní sa tsochaí agus leas iomlán a bhaint as cearta uile an duine do mhná agus do chailíní a neartú mar thosaíocht pholaitiúil ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, agus freisin i mbeartais inmheánacha agus sheachtracha, lena n-áirítear trí idirphlé ardleibhéil polaitiúil maidir le saincheisteanna comhionannais inscne a chur chun cinn go gníomhach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal polaitiúil is airde.

20. An nasc idir beartais chomhionannais inscne an Aontais a neartú agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a chur chun feidhme, go háirithe maidir le Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus sineirgí a fhorbairt idir obair leantach an Aontais ar Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre 2030.

21. Dlús a chur le beartais chomhionannais inscne, lena n-áirítear tríd an gcur chuige déach a neartú maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn chomh maith leis na struchtúir agus na próisis is gá, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, d'fhonn dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí a leagtar amach i gClár Oibre Gníomhaíochta Bhéising a bhaint amach.

22. An tiomantas do chur chun cinn chomhionannas inscne agus chumhachtú na mban a neartú, go háirithe sna réimsí a sainaithníodh in athbhreithniú Bhéising + 25.

(a) Bearta nithiúla agus éifeachtacha a chur chun feidhme chun na bearnaí idir na hinscní san fhostaíocht agus sa phá a dhúnadh tar éis phlean gníomhaíochta reatha an Aontais maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a chomhrac agus chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag na bearta sin ar na difreálacha pinsin idir na hinscní agus faireachán a dhéanamh orthu, agus chun an rochtain chothrom chomhionann a chinntiú ar shochair eile.

(b) Na hiarrachtaí chun rannpháirtíocht na mban agus an comhionannas inscne a chothú sa mhargadh saothair a neartú, lena n-áirítear dálaí oibre córa a fhorbairt, agus fiontraíocht ban a spreagadh chun neamhspleáchas eacnamaíoch ban agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn. Cothromaíocht níos fearr a áirithiú idir an saol oibre agus an saol príobháideach do mhná agus d'fhir tríd an Treoir maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus cuspóirí Barcelona a bhaineann le saoráidí cúraim leanaí a chur chun feidhme go héifeachtach. Ina theannta sin, trí chomhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí a chur chun cinn idir mná agus fir maidir le cúram neamhíoctha agus cúraimí tí. Béim a leagan ar an méid a chuireann obair neamhíoctha na mban leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an tsochaí.

(c) Anailís a dhéanamh ar thionchar na digiteála ar an gcomhionannas inscne sa saol oibre agus an anailís sin a chur san áireamh sa cheapadh beartas amach anseo. Iarrachtaí a dhéanamh chun rochtain a éascú do chách ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar shealbhú scileanna agus inniúlachtaí chun dul i ngleic leis na dúshláin a ghabhann leis an digiteáil agus le foirmeacha nua oibre agus chun na deiseanna a eascraíonn astu a thapú. Leanúint de bhearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an leithscaradh inscne san oideachas agus san oiliúint ar gach leibhéal, rochtain chothrom ar gach réimse oideachais a chur chun cinn agus go háirithe rochtain ar réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice do mhná agus do chailíní (ETIM) agus ar theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) chomh maith le rochtain na bhfear agus na mbuachaillí ar réimsí oideachais, sláinte agus leasa (EHW) a éascú.

(d) An gealltanas maidir le deireadh a chur le foréigean ar bhonn inscne, lena n-áirítear an cibearfhoréigean, a athdhearbhú mar thosaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh agus a dhearbhú athuair a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na Ballstáit bearta éifeachtacha a chur chun feidhme mar a cheanglaítear le dlí an Aontais. Bearta riachtanacha a dhéanamh chun foréigean agus ciapadh a dhíothú i saol na hoibre. Fir agus buachaillí a spreagadh chun páirt iomlán a ghlacadh, mar ghníomhairí agus tairbhithe an athraithe, agus é mar aidhm deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe agus foréigin in aghaidh ban agus cailíní sa saol poiblí agus príobháideach araon, trí aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne, amhail caidreamh cumhachta éagothrom, steiréitíopaí inscne agus noirm dhiúltacha shóisialta. Chun deireadh a chur le foréigean fear in aghaidh ban, ní mór d'fhir agus do bhuachaillí a bheith rannpháirteach sa phróiseas chun deireadh a chur leis an bhforéigean.

(e) Leanúint de bhearta spriocdhírithe a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, spriocanna agus amlínte reachtacha agus/nó neamhreachtacha chun cothromaíocht inscne a fheabhsú sa chinnteoireacht pholaitiúil agus eacnamaíoch, lena n-áirítear in institiúidí an Aontais.

(f) Cur chun feidhme agus leanúnachas éifeachtach córasach an phríomhshruthaithe inscne a áirithiú i ngach réimse beartais trí na huirlisí praiticiúla a bhaineann le príomhshruthú a neartú, lena n-áirítear trí spriocanna agus táscairí inscne-shonracha a thabhairt isteach, trí mheasúnú tionchair inscne ar bhearta reachtacha agus beartais, agus trí bhuiséadú inscne, chomh maith le trí shásraí comhair agus cuntasachta trasearnála le faireachán a dhéanamh ar phríomhshruthú inscne ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon.

(g) Fócas níos láidre ar chomhionannas inscne laistigh de chéimeanna éagsúla de phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh a shaothrú, lena n-áirítear trí oibriú ar tháscairí comhionannais inscne atá ann cheana agus, i gcás inarb iomchuí, cinn nua a fhorbairt, trí leanúint de mhodhanna bailithe sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a fhorbairt mar aon le modhanna staitistiúla agus anailís a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le comhionannas inscne.

23. Gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí comhionannais náisiúnta chomh maith le gníomhaíochtaí an Líonra Eorpach de Chomhlachtaí Comhionannais (Equinet) a threisiú agus leanúint de bheith ag tacú leo, agus an Moladh ón gCoimisiún maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais á chur san áireamh.

24. Comhar leanúnach agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a threisiú le comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus Eorpacha, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le heagraíochtaí ban agus le cosantóirí ban chearta an duine agus leis an lucht acadúil, chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus beartais maidir le comhionannas inscne a fhorbairt.

25. Obair leantach rialta a dhéanamh ar tháscairí uile chlár oibre gníomhaíochta Bhéising, lena n-áirítear na táscairí athbhreithnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I, chun faireachán córasach a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus leas iomlán á bhaint as saineolas agus aschur na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus Eurostat. Úsáid éifeachtach tháscairí Bhéising a neartú i mbeartais Aontais agus náisiúnta maidir le comhionannas inscne agus i ngach réimse beartais ábhartha eile, agus féachaint leis na staitisticí ábhartha uile a chur ar fáil go forleathan.

26. Tacú le táirgeadh agus anailís sonraí fónta inchomparáide atá imdhealaithe de réir inscne, lena n-áirítear trí bhíthin obair EIGE agus Eurostat, chomh maith le hinstitiúidí náisiúnta staidrimh, chun ceapadh beartas eolasbhunaithe a threisiú.

27. Leanúint de thuarascáil ón gCoimisiún a ghlacadh gach bliain chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i réimse an chomhionannais inscne agus an phríomhshruthaithe inscne ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát agus na hUachtaránachtaí a bheidh ar an gComhairle amach anseo a spreagadh chun í a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach. An tuarascáil sin a úsáid chun príomhshruthú inscne a fheabhsú, lena n-áirítear buiséadú inscne, i gcomhthéacs na gcreataí beartas ábhartha uile iar-2020 san Aontas, lena n-áirítear an Seimeastar Eorpach, agus i gcomhthéacs chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising san Aontas freisin.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid seo a leanas a dhéanamh:**

28. An comhionannas inscne a shocrú go sainráite mar thosaíocht pholaitiúil sa téarma reatha (2019-2024) agus Teachtaireacht a ghlacadh ina leagtar amach straitéis comhionannais inscne ar leith don Aontas don tréimhse iar-2019, lena n-áirítear bearta sonracha agus gné na hinscne a chomhtháthú i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí an Aontais araon.

29. Gné inscne a phríomhshruthú go córasach i ngach straitéis agus beartas de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear trí bhuiséadú inscne agus measúnú tionchair inscne a fhorbairt maidir le bearta reachtacha agus beartais de chuid an Aontais mar phríomhuirlisí le haghaidh príomhshruthú inscne.

30. Bearta nithiúla a dhéanamh chun gné na hinscne a chomhtháthú i mbeartais eacnamaíocha an Aontais, i gcomhréir leis na gealltanais pholaitiúla a rinneadh faoi chuimsiú Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus go háirithe leis na straitéisí agus na nósanna imeachta a thiocfaidh i gcomharbas ar Straitéis Eoraip 2020 agus ar an Seimeastar Eorpach, lena n-áirítear trí chur chun feidhme éifeachtach agus faireachán ar phríomhshruthú inscne a áirithiú.

31. Comhionannas inscne a shaothrú, le hardleibhéal uaillmhéine, mar thosaíocht beartais i gcaidreamh seachtrach uile an Aontais agus a iarrachtaí a dhíriú ar Phlean Gníomhaíochta nua an Aontais maidir le hInscne in 2020.

**Liosta iomlán na dtáscairí lena ndéanfar faireachán ar phríomhréimse imní L: 'An cailín óg'[6]**

**Táscaire 1:** Gnéasoideachas agus oideachas caidrimh: paraiméadair an oideachais maidir le hinscne sa scolaíocht (idir bhunscolaíocht agus meánscolaíocht)[7].
**Táscaire 2:** Féiníomhá choirp: a mhísháста atá cailíní agus buachaillí lena gcorp[8].
**Táscaire 3:** Cailíní agus buachaillí 15 bliana d'aois: feidhmíocht sa mhatamaitic agus san eolaíocht.[9]
**Táscaire 4:** Cion na gcailíní agus na mbuachaillí 15 bliana d'aois go léir atá san eolaíocht, agus cion na gcailíní agus na mbuachaillí 15 bliana d'aois is fearr a chruthaíonn san eolaíocht, agus a bhfuil súil acu dul le gairmeacha a bhaineann leis an eolaíocht agus iad 30 bliain d'aois[10].

**Táscaire 5 (NUA): Cion na mban agus na bhfear óg (16 bliana - 19 mbliana) ag a bhfuil scileanna digiteacha nach bunscileanna amháin iad.**

Tá ceithre fhotháscaire sa táscaire sin, lena dtomhaistear scileanna digiteacha i gceithre réimse ar leith:

(a) scileanna faisnéise;

(b) scileanna cumarsáide;

(c) scileanna réitigh fadhbanna;

(d) scileanna bogearraí.

**Táscaire 6 (NUA): Cion na gcailíní agus na mbuachaillí (15-16 bliana) a bhíonn muiníneach agus cúraimí áirithe a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha á ndéanamh acu.**

Tá trí fhotháscaire sa táscaire sin:

(a) cion na gcailíní agus na mbuachaillí a bhíonn compordach agus gléasanna digiteacha á n-úsáid acu ar lú cur amach acu ina dtaobh;

(b) cion na gcailíní agus na mbuachaillí a chreideann gur féidir leo, agus gléasanna digiteacha á n-úsáid acu, tosú ar fhadhb a réiteach go neamhspleách;

(c) cion na gcailíní agus na mbuachaillí a chreideann gur féidir leo féin na bogearraí a theastaíonn uathu a shuiteáil.

---

6 Féach tuarascáil EIGE, mar atá in 14348/18 ADD 2, le haghaidh tuilleadh sonraí.
7 Táscaire atá ann cheana. Féach 9669/08.
8 Táscaire atá ann cheana. Féach 9669/08.
9 Táscaire atá ann cheana. Féach 15468/17.
10 Táscaire atá ann cheana. Féach 15468/17.

**Táscaire 7 (NUA): Cion na mban agus na bhfear óg (16 bliana - 19 mbliana) a úsáideann an t-idirlíon le haghaidh na rannpháirtíochta sibhialta nó polaitiúla.**

**Táscaire 8 (NUA): Cion na gcailíní agus na mbuachaillí (15 bliana) ar a ndearnadh cibearbhulaíocht, ar a laghad uair amháin, trí bhíthin teachtaireachta nó pictiúir.**

Tá dhá fhotháscaire sa táscaire sin:

(a) cion na gcailíní agus na mbuachaillí (15 bliana) ar a ndearnadh cibearbhulaíocht, ar a laghad uair amháin, trí bhíthin teachtaireachta (is é sin go bhfuair siad teachtaireacht ghránna i bhfoirm teachtaireacht mheandrach, postála, ríomhphoist nó téacstheachtaireachta);

(b) cion na gcailíní agus na mbuachaillí (15 bliana) ar a ndearnadh cibearbhulaíocht, ar a laghad uair amháin, trí bhíthin pictiúir (is é sin pictiúr mímhaiseach nó mí-oiriúnach á phostáil ar líne gan chead).

## Tagairtí

**1. Idirinstitiúideach AE**

- Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet_en.pdf.

**2. An Chomhairle**

Na conclúidí ar fad ón gComhairle a glacadh maidir leis an athbhreithniú ar chlár oibre gníomhaíochta Bhéising[11] agus conclúidí eile ón gComhairle maidir le comhionannas inscne, go mór mór iad siúd a luaitear thíos:

- Conclúidí ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir leis an gComhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne (2011- -2020) (IO C 155, 25.5.2011, lch. 10);
- Conclúidí ón gComhairle an 16 Meitheamh 2016 dar dteideal: Freagairt do Rannpháirtíocht Straitéiseach an Choimisiúin don chomhionannas inscne (10416/16);
- Conclúidí ón gComhairle an 8 Nollaig 2016 maidir le Mná agus an Bhochtaineacht (15409/16);
- Conclúidí ón gComhairle an 3 Márta 2017 maidir le Scileanna na mBan agus na bhFear i Margadh Saothair an Aontais Eorpaigh a Fheabhsú (6889/17);
- Conclúidí ón gComhairle an 7 Nollaig 2017 maidir le bearta feabhsaithe chun leithscaradh inscne cothrománach a laghdú san oideachas agus san fhostaíocht (15468/17);
- Conclúidí ón gComhairle an 13 Meitheamh 2019 maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a dhúnadh: Príomhbheartais agus Bearta (10349/19);
- Conclúidí ón gComhairle an 9 Aibreán 2019, dar teideal *Towards an ever more sustainable Union by 2030* [I dTreo Aontas Inmharthana Níos Inbhuanaithe faoi 2030] (8286/19).

**11** http://ec.europa.eu/justice/gender-equality/tools/statistics-indicators/platform-action/index_en.htm

**3. An fhoireann trí Uachtaránacht**

- Dearbhú ón bhfoireann trí Uachtaránacht maidir le comhionannas inscne a shínigh an Rómáin, an Fhionlainn agus an Chróit (15 Márta 2019).
- An Dearbhú Comhpháirteach dar teideal *Gender Equality as a Priority of the European Union today and in the future* [Tosaíocht a dhéanamh, inniu agus feasta, den chomhionannas inscne san Aontas Eorpach]. An fhoireann trí Uachtaránacht dar baill an Ostair, an Eastóin agus an Bhulgáir a mhol an dearbhú sin ag cruinniú neamhfhoirmiúil d'airí an Aontais um chomhionannas inscne a bhí ar siúl an 12 Deireadh Fómhair 2018 i Vín.

**4. An Coimisiún Eorpach**

- Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal "*Strategic engagement for gender equality 2016-2019*" [Rannpháirtíocht straitéiseach don chomhionannas inscne 2016-2019] (SWD(2015) 278 final).
- Tuarascáil 2019 maidir le comhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach, https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/aid_development_cooperation_fundamental_rights/annual_report_ge_2019_en.pdf.
- Páipéar Machnaimh dar teideal: *Towards a sustainable Europe by 2030* [I dtreo Eoraip inbhuanaithe faoi 2030], https://ec.europa.eu/commission/files/reflection-paper-towards-sustainable-europe_en.
- Moladh an 22 Meitheamh 2018 maidir le caighdeáin do na comhlachtaí comhionannais (C (2018) 3850 final).
- Plean Gníomhaíochta an Aontais chun dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní (2017-2019)

**5. An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)**

- Tuarascáil EIGE, "*Beijing +25 – The 5th Review of the Implementation of the Beijing Platform for Action in the EU Member States*[Béising +25: an 5ú Athbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising i mBallstáit an Aontais Eorpaigh] (12595/19 ADD 2).
- Tuarascáil EIGE dar teideal *Gender equality and youth: opportunities and risks of digitalisation* [An comhionannas inscne agus an óige: deiseanna agus rioscaí a bhaineann leis an digitiú] (14348/18 ADD 2).

## 6. Tagairtí eile

- An Coinbhinsiún maidir le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh ban a dhíothú,https://www.ohchr.org/Documents/ProfessionalInterest/cedaw.pdf
- Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine, https://www.coe.int/fr/web/conventions/full-list/-/conventions/rms/090000168008371d
- Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, https://www.coe.int/fr/web/conventions/full-list/-/conventions/rms/090000168008482e
- Moladh CM / Rec (2019) 1 de chuid Chomhairle na hEorpa maidir le gnéasachas a chosc agus a chomhrac
- Dearbhú maidir le Foréigean in aghaidh Ban a Dhíothú, http://www.un-documents.net/a48r104.htm
- Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, dar teideal *Violence against women: an EU-wide survey 2014*[An Foréigean in aghaidh na mBan: Suirbhé ar fud an Aontais Eorpaigh, Márta 2014].
- Conclúidí ón Uachtaránacht an 6 Nollaig 2018 maidir le Comhionannas Inscne, Óige agus Digitiú (15308/18)
- An Coiste Comhairleach um Chomhionannas Deiseanna do Mhná is d'Fhir: dar teideal *Opinion on the future gender equality policy after 2019 – Old and new challenges and priorities*[Tuairim faoin mbeartas comhionannais inscne a bheidh ann amach anseo tar éis 2019 – Dúshláin agus tosaíochtaí nua]
- Dearbhú chlár oibre don ghníomhaíochta Bhéising, https://www.un.org/en/events/pastevents/pdfs/Beijing_Declaration_and_Platform_for_Action.pdf
- Dearbhú gealltanais maidir le mná sa ré digiteach